emcdda.europa.eu

# Drugaí i bhfócas 23

Bileog fáisnéise ó An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí

ISSN 1725 – 4442

## Laghdú ar éileamh ar dhrugaí: fianaise dhomhanda do ghníomhartha áitiúla

Tá forbairt idirghabhálacha laghdaithe éilimh fianaise-bhunaithe ina bhunchuspóir beartais maidir le drugaí ag leibhéal náisiúnta, an Aontais Eorpaigh (AE) agus domhanda. Baintear úsáid as dioscúrsa ar leith, lena thacar coincheapa féin, chun cur chun feidhme an chuspóra seo a phlé, lena n-áirítear téarmaí cosúil le: dea-chleachtas, caighdeáin cháilíochta, treoirlínte, prótacail, córais chreidiúnaithe agus tagarmharcáil. Soláthraíonn an páipéar seo sainmhínithe simplí do léitheoirí maidir leis na téarmaí a úsáidtear, agus ag an am céanna ag aibhsiú éachtaí agus dúshláin reatha i ndáil le feasacht eolaíoch a chur chun cleachtais sa réimse i ndáil le laghdú ar éileamh ar dhrugaí. Dírítear go speisialta ar an 'dea-chleachtas' de bharr éileamh agus tábhacht mhéadaitheach an choincheapa seo san Eoraip.

### Sracfhéachaint ar na buncheisteanna

1. Aithnítear gur straitéis thábhachtach atá i gceist le cur chun cinn agus malartú an dea-chleachtais d'fhonn éifeachtacht na n-idirghabhálacha drugaí a fheabhsú agus úsáid éifeachtúil na n-acmhainní teoranta a chinntiú.
2. Tá treoirlínte agus caighdeáin i measc na n-uirlisí is mó a úsáidtear i ndáil le cur chun cinn an dea-chleachtais. San Eoraip, tá neart treoirlínte ann anois ar féidir leis an lucht déanta cinntí a úsáid, a nuashonrú agus a oiriúnú chun a gcomhthéacsanna náisiúnta féin a shásamh, seachas tosú ón tús ar fad.
3. Tá líon méadaithe fianaise eolaíoch ar fáil ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha i réimse na ndrugaí, ar féidir a úsáid anois i ndáil le forbairt agus nuashonrú na gcaighdeán agus na dtreoirlínte. Tá béim nua ar dhí-infheistiú, stopadh an 'droch-chleachtais' agus úsáid idirghabhálacha ar cháilíocht íseal.
4. Ar leibhéal Eorpach, tá tionscadal le déanaí tar éis díriú ar chomhdhearcadh a chur chun cinn i ndáil le híoschaighdeáin cháilíochta i réimsí um chosc, chóireáil agus laghdú dochair drugaí chomh maith le haistriú na gcaighdeán cáilíochta chun cleachtais.
5. Tá disciplíní nua tagtha chun cinn ag díriú ar mhodhanna le haghaidh aistrithe rathúil, cosúil le heolaíocht fhorfheidhmithe, eolaíocht aistritheach, agus slógadh feasachta. Is tosca ratha tábhachtacha iad aithint bacainní an athraithe agus úsáid ilstraitéisí forfheidhmithe.
6. I réimse an dea-chleachtais, tá mórán bearnaí ann go fóill sa bhonn fianaise eolaíoch agus tagann saincheisteanna nua chun cinn i gcónaí nach mór aghaidh a thabhairt orthu. Cabhróidh anailís bhearna córasach chun díriú ar na bearta atá le glacadh agus ar fhorbairtí na todhchaí.

### Sainmhínithe

**Dea-chleachtas:** cur chun feidhme is fearr na fianaise atá ar fáil i ndáil le gníomhaíochtaí reatha.

**Bonn fianaise:** coincheap tugtha isteach ó réimse an leighis, arna shainmhíniú mar 'úsáid choinsiasach, fhollasach agus bhreithiúnach na fianaise reatha is fearr i ndáil le cinntí a dhéanamh faoi chúram othair aonair' [*'the conscientious, explicit, and judicious use of current best evidence in making decisions about the care of individual patients'*] (Sackett, 1996). Nuair a chuirtear i bhfeidhm é i ndáil le laghdú an éilimh ar dhrugaí, tagraíonn sé seo d'úsáid thorthaí eolaíocha chun cinntí idirghabhálacha a chur ar an eolas.

**Treoirlínte:** 'ráitis a chuimsíonn moltaí beartaithe chun cúram othar a bharrfheabhsú á gcur ar an eolas ag athbhreithniú córasach na fianaise agus measúnú ar na buntáistí agus na dochair a ghabhann le roghanna cúraim malartacha' [*'statements that include recommendations intended to optimise patient care that are informed by a systematic review of evidence and an assessment of the benefits and harms of alternative care options'*] (Institiúid Míochaine, 2011).

**Prótacail:** doiciméid a shonraíonn na nósanna imeachta atá le leanúint in ndáil le tascanna ar leith a chur i gcrích.

**Caighdeáin agus caighdeáin cháilíochta:** prionsabail agus tacair rialacha bunaithe ar fhianaise (Brunsson agus Jacobsson, 2000), a úsáidtear chun na hidirghabhálacha a moltar i dtreoirlínte a chur chun feidhme. Féadfaidh siad tagairt do shaincheisteanna ábhair, do phróisis, nó do ghnéithe struchtúrtha.

**Creidiúnú:** an próiseas ina ndéantar measúnú neamhspleách ar institiúid ag seachadadh seirbhíse maidir le cáilíocht i gcoinne critéir agus caighdeáin réamhshainithe, atá leagtha síos ag an gcomhlacht creidiúnaithe.

**Tagarmharcáil:** an próiseas maidir le próisis agus feidhmíocht sheirbhíse a chur i gcomparáid le dea-chleachtais ó sheirbhísí eile. Is iad cáilíocht, am agus costas na diminsin a thomhaistear de ghnáth.

## 1. Tuiscint ar dhea-chleachtas

D'fhorbair grúpa saineolaithe Eorpacha, arna dtionóil ag an EMCDDA, sainmhíniú le déanaí ar an gcoincheap i ndáil 'dea-chleachtas'. In achomair, is éard is dea-chleachtas ann ná cur chun feidhme is fearr na fianaise atá ar fáil i ndáil le gníomhaíochtaí reatha i réimse na ndrugaí. Aithníodh roinnt tosca a chuireann le hidirghabháil a cháiliú mar 'dhea-chleachtas'. Go hachomair, bíonn idirghabháil dea-chleachtais bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch is láidre ar fáil i ndáil leis an méid a nglactar leis a bheith éifeachtach d'fhonn torthaí rathúla a bhaint amach, agus cuirtear in oiriúint é do riachtanais na ndaoine siúd a mbíonn sé ag freastal orthu. Beidh na modhanna a úsáidfear trédhearcach, iontaofa agus inaistrithe agus is féidir iad a nuashonrú de réir mar a fhorbraíonn an bonn feasachta. Maidir le cur chun feidhme, cuirfear tosca comhthéacsúla áitiúla san áireamh agus déanfar an idirghabháil a chomhchuibhiú le gníomhartha eile mar chuid de chur chuige cuimsitheach i ndáil le fadhbanna drugaí.

Tá dlúthnasc idir an dea-chleachtas agus coincheap 'an chleachtais fhianaise-bhunaithe' — úsáid choinsiasach, fhollasach agus bhreithiúnach na fianaise reatha is fearr i ndáil le cinntí a dhéanamh (Sacket et al.,1996), agus éilíonn sé comhtháthú cúramach na feasachta eolaíoch agus an saineolais fhorhfeidhmithe d'fhonn an oiriúnú cuí na hidirghabhála don duine aonair agus/nó do chomhthéacs ar leith. Ba cheart go soláthródh idirghabháil dea-chleachtais torthaí níos fearr ná mar a sholáthraíonn idirghabhálacha eile agus dá bhrí sin ba cheart go gceadófaí leithdháileadh réasúnach acmhainní freisin.

## 2. Treoirlínte agus caighdeáin: ionstraimí móréilimh chun dea-chleachtas a chur chun cinn

An straitéis is coitinne san Eoraip i ndáil le dea-chleachtas a chur chun cinn ná forbairt na dtreoirlínte agus na gcaighdeán. Faoi 2011, aithníodh os cionn 143 tacar treoirlínte um chóireáil drugaí ar fud an réigiúin, formhór acu i réimse na cóireála ionadaíochta ópóideach. I bhformhór cásanna, tá an próiseas i ndáil le treoirlínte nó caighdeáin nua a dhréachtú ag brath anois ar úsáid a bhaint as samplaí náisiúnta eiseacha (ar an gcoinníoll go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise) agus iad á n-oiriúnú don chomhthéacs áitiúil, ag sábháil acmhainní dá réir. Tá fardal de threoirlínte agus caighdeáin náisiúnta i ndáil le cóireáil, cosc agus laghdú dochair ar fáil ar thairseach dhea-chleachtais an EMCDDA ag an seoladh seo a leanas: http://www.emcdda.europa.eu/best-practice.

Tá dúshláin ann go fóill maidir le cur chun cinn an dea-chleachtais trí threoirlínte, caighdeáin agus uirlisí comhchosúla eile. Ar an gcéad dul síos caithfear a chinntiú go bhfuil siad bunaithe ar fhianaise eolaíoch iontaofa agus go ndéantar iad a nuashonrú go rialta nuair a fhoilsítear athbhreithnithe córasacha nua. Ar an dara dul síos caithfear an úsáid is fearr a bhaint as na treoirlínte atá ann faoi láthair san Eoraip. Ar deireadh, tá sé tábhachtach a chinntiú go gcuirtear treoirlínte agus caighdeáin chun feidhme mar is cuí.

## 3. Fianaise eolaíoch a rochtain agus a úsáid

Tá méadú tagtha ar líon na staidéar ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha a bhaineann le drugaí le caoga bliain anuas agus dá réir tá gá le hardcháilíocht sintéise. Ag deireadh na 1990aidí cruthaíodh grúpa eagarthóireachta ar dhrugaí agus alcól laistigh de Chomhoibriú Cochrane (eagraíocht sheachbhrabúsach idirnáisiúnta gafa le hullmhú, cothabháil agus cur chun cinn na hinrochtaineachta um athbhreithnithe córasacha ar iarmhairtí chúram sláinte). Tá sé mar aidhm ag an nGrúpa Cochrane um Dhrugaí agus Alcól athbhreithnithe córasacha de thástálacha um chosc, chóireáil agus athshlánú na húsáide fadhbaí drugaí agus alcóil a tháirgeadh agus a scaipeadh. Go dtí seo tá comhoibríonn an grúpa le tairseach dhea-chleachtais an EMCDDA d'fhonn fianaise atá ar fáil i ndáil le hidirghabhálacha a thabhairt le chéile.

> 'Baineann dea-rún le gach idirghabháil, ach ní bhíonn gach idirghabháil chomh héifeachtach lena chéile. Inniu níos mó ná riamh, ní mór dúinn a chinntiú go n-infheistítear i rudaí a oibríonn agus go ndí-infheistítear sna rudaí nach n-oibríonn. Chun é seo a bhaint amach, ní amháin go mbeidh orainn comhthuiscint a bheith againn ar an mbonn fianaise le haghaidh éifeachtachta, ach ar threoirlínte freisin chun faisnéis a sholáthar i dtaca le ardchaighdeán de sheirbhísí áitiúla a sheachadadh.'
>
> **Wolfgang Götz, Stiúrthóir EMCDDA**

Éilíonn cúrsaí geilleagracha reatha ar an lucht déanta cinntí trí chéile bealaí a aimsiú chun costais a rialú gan cáilíocht an chúraim a laghdú. Chomh maith le bheith á úsáid chun idirghabhálacha éifeachtacha a aithint, úsáidtear an bonn fianaise eolaíoch níos minice d'fhonn úsáid na gcur chuigí agus seirbhísí ar dhroch-cháilíocht a laghdú nó a stopadh. Tá an Instiitiúid Náisiúnta um Shármhaitheas Cliniciúil (NICE) sa Ríocht Aontaithe tar éis próisis 'dí-infheistíochta' a chur chun feidhme chun maoiniú na n-idirghabhálacha ar 'luach íseal' a stopadh — mar shampla, toisc nach bhfuil siad éifeachtach ar bhonn cliniciúil, go bhfuil droch phróifíl riosca-tairbhe acu, nó nach dtacaíonn fianaise leordhóthanach leo. Cuimsíonn sé sin acmhainní sláinte a tharraing siar ó chleachtais cúraim sláinte eiseacha a mheastar gur lú a mbuntáistí sláinte i gcomparáid lena gcostas, agus dá réir nach léiríonn siad úsáid éifeachtúil acmhainní.

## 4. Ag foghlaim óna chéile — íoschaighdeáin cháilíochta don Eoraip

Cé go bhfuil gach tír Eorpach tar éis a straitéis agus freagairtí féin a fhorbairt i ndáil le fadhbanna drugaí, nuair a áirítear

méid na faidhbe drugaí agus na n-acmhainní atá ar fáil, tá buntáiste soiléir ann an taithí agus na ceachtanna foghlamtha a roinnt le tíortha eile, ag cabhrú chun feabhsuithe cáilíochta agus taighde éifeachtachta a fhorbairt. Ní mór d'íoschaighdeáin cháilíochta ag leibhéal Eorpach luach a chur leis an méid atá ann cheana féin sna Ballstáit indibhidiúla agus aird a thabhairt ar na córais sláinte agus inniúlachtaí éagsúla ar fud na dtíortha.

Tá Íoschaighdeáin Cháilíochta Eorpacha (EQUS) um chosc, chóireáil agus laghdú dochair drugaí á bhforbairt le déanaí ag tionscadal maoinithe AE, trí saineolaithe agus páirtithe leasmhara ón Eoraip agus lastall a thabhairt le chéile, d'fhonn liostaí a mholadh d'íoschaighdeáin bunaithe ar fhianaise agus ar chomhdhearcadh. Táthar tar éis caighdeáin cháilíochta Eorpacha um chosc drugaí a oiriúnú chun sraith choisctheach an staidéir a chur le chéile agus d'fhoilsigh an EMCDDA iad sin i Nollaig 2011 ina shraith *Lámhleabhair*, agus tá siad ar fáil le híoslódáil nó le hordú saor in aisce ó láithreán gréasáin an EMCDDA ag http://www.emcdda.europa.eu/publications/manuals/prevention-standards. Déanfaidh an Coimisiún Eorpach tuilleadh forbartha ar na torthaí ón staidéar EQUS d'fhonn dréachtmholadh a ullmhú le cur faoi bhráid Comhairle an Aontais Eorpaigh.


## 5. Fianaise a chur chun feidhme trí threoirlínte, caighdeáin agus uirlisí eile

D'fhonn aistriú rathúil na fianaise go cleachtas a ghnóthú trí mheán treoirlínte agus caighdeán éilítear pleanáil agus cur chuige réamhghníomhach araon. Úsáidtear raon leathan gníomhaíochtaí chun fianaise a aistriú go gníomh, agus tá go leor disciplíní eolaíocha nua tagtha chun cinn a thugann aghaidh go díreach ar an ábhar seo, mar shampla: eolaíocht aistritheach, aistriú feasachta, agus slógadh feasachta. I gcás formhór na gcur chuigí seo, tá an ghaolmhaireacht idir fianaise eolaíoch agus comhdhearcadh saineolaíoch ríthábhachtach don phróiseas forfheidhmithe. Chun cur chun feidhme rathúil a bhaint amach, tá comhdhearcadh saineolaíoch ríthábhachtach d'fhonn ceisteanna ábhartha a aithint, moltaí a oiriúnú don chomhthéacs áitiúil, agus chun a chinntiú go ndéantar idirghabhálacha a struchtúrú agus a oiriúnú go cuí don spriocghrúpa ar leith. Cé gur féidir le cur chuige náisiúnta a bheith, is féidir aithint 'bacainní an athraithe' sa spriocghrúpa, agus gníomhartha gníomhacha chun na bacainní sin a íoslaghdú, feabhas a chur ar ghlacadh de láimh na n-idirghabhálacha nua. Ina theannta sin, is féidir le húsáid dreasachtaí, amhail oiliúint, creidiúnú nó deimhniú, tacú le cur chun feidhme rathúil na gcaighdeán cáilíochta i dtaca leis an éileamh ar drugaí a laghdú.

## 6. Na chéad chéimeanna eile: bearnaí a aithint agus saincheisteanna nua a phlé

Mar thoradh ar fhorbairtí i dtaighde a bhaineann le drugaí agus i gcleachtais fhianaise-bhunaithe táthar tar éis ionstraimí nua a chruthú chun éifeachtacht fhreagra na hEorpa i ndáil le fadhbanna drugaí a fheabhsú. Tá an próiseas seo, áfach, tar éis bearnaí suntasacha a nochtadh freisin maidir leis an bhfeasacht eolaíoch atá ar fáil, agus is léir nár forbraíodh treoirlínte nó caighdeáin go cuí i gcónaí i ndáil le cur chun cinn an dea-chleachtais. Lena chois sin, de thoradh athruithe i gcúinsí drugaí, mar shampla i ndáil le cohórt aosach na n-úsáideoirí óipiam nó i ndáil le substaintí nua á n-úsáid, d'fhéadfadh go n-éileofaí breis taighde agus treorach. Tá an EMCDDA agus a chomhpháirtithe tiomanta d'anailís bhearna a chur i gcrích i réimse an dea-chleachtais, agus chun tacú go gníomhach le nascadh na feasachta domhanda le cleachtais áitiúla san Eoraip, cibé an trí scaipeadh réamhghníomhach fianaise, tacaíocht le hoiriúnú treoirlínte, nó measúnú tionchair agus malartú eispéireas a ghlacadh de láimh.

### An creat um aistriú faisnéise



Is sraith de bhileoga faisnéise í ***Drugaí i bhfócas*** atá foilsithe ag An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí (EMCDDA), sa Liospóin. Foilsítear na bileoga faisnéise go rialta sna 23 theanga oifigiúla de chuid an Aontais Eorpaigh chomh maith le hIoruais agus Tuircis. Bunteanga: Béarla. Is ceadmhach aon eolas a atáirgeadh ach an foinse a aithint.

**Chun síntiúis saor in aisce a fháil,** sonraigh do chuid riachtanais trí r-phost: publications@emcdda.europa.eu

**Cais do Sodré, 1249-289 Liospóin/Lisbon, An Phortaingéil/Portugal**
**Teil. +351 211210200 • Facs +351 218131711**
**info@emcdda.europa.eu • www.emcdda.europa.eu**

TD–AD–12–023–GA–C

## Conclúidí agus ceisteanna beartais

1. **Le scór bliain anuas, tá méadú feicthe ag an Eoraip ar an suim i bhforbairt agus i gcur chun cinn an dea-chleachtais. Úsáidtear uirlisí éagsúla chun cleachtais fianaise-bhunaithe in idirghabhálacha an éilimh ar dhrugaí a chur chun cinn, cosúil le treoirlínte agus caighdeáin cháilíochta. Go náisiúnta, tá cruthúnas ann go bhfuil scaipeadh agus oiriúnú na dtreoirlínte fianaise-bhunaithe eiseacha, seachas cinn nua a fhorbairt, ina réiteach costéifeachtach a chabhraíonn chun cáilíocht a chinntiú. Ar leibhéal Eorpach táthar tar éis próiseas a bhunú le déanaí chun comhdhearcadh a chur chun cinn i ndáil le híoschaighdeáin cháilíochta coitinne.**

2. **Sa todhchaí, ní mór próisis a bheith i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar treoirlínte agus caighdeáin eiseacha a nuashonrú go rialta de réir mar a thagann fianaise nua chun cinn. Lena chois sin, tá cur chun cinn agus scaipeadh leanúnach na dtreoirlínte agus na gcaighdeán i measc gairmithe agus lucht déanta cinntí ina phríomh-shaincheist. In ainneoin méaduithe le déanaí ar infhaighteacht na fianaise eolaíoch i ndáil le héifeachtacht (agus neamhéifeachtacht) idirghabhálacha a bhaineann le drugaí, tá bearnaí ann go fóill agus éilítear taighde chun na bearnaí sin a líonadh. Ba mhór an fáilte a bheadh roimh chlár oibre taighde Eorpach a thugann tús áite do cheisteanna nasctha le héifeachtacht na n-idirghabhálacha, agus le feabhsú an idirphlé cleachtais taighde araon.**

3. **Leanfaidh an EMCDDA, lena thaithí ar mhonatóireacht agus scaipeadh an dea-chleachtais, ar aghaidh ag cur chun cinn agus ag tacú le feabhsú na cáilíochta i réimse drugaí na hEorpa. I measc na ngníomhaíochtaí a leanfaimid ar aghaidh ag soláthar do gheallsealbhóirí tá scaipeadh réamhghníomhach na fianaise, meantóireacht ar oiriúnú na dtreoirlínte, tacaíocht maidir le spriocanna a leagadh síos agus measúnú tionchair agus glacadh le malartú na n-eispéireas.**

## Príomhfhoinsí

**Amato, L., Davoli, M., Vecchi, S. et al (2011)**, 'Cochrane systematic reviews in the field of addiction: What's there and what should be', *Drug and Alcohol Dependence*, Imleabhar 113 (Eagráin 2–3), lch. 96–103.

**Brunsson, N. agus Jacobsson, B. A. (2000)**, *A world of standards*, Oxford University Press, Nua-Eabhrac.

**Costa Storti, C., De Grauwe, P. agus Reuter, P. (2011)**, 'Economic recession, drug use and public health', *International Journal of Drug Policy*, Imleabhar 22, Eagrán 6, lch. 321–325.

**Grimshaw, J. M., Thomas, R. E., MacLennan, G. et al. (2004)**, 'Effectiveness and efficiency of guideline dissemination and implementation strategies', *Health Technology Assessment* 8(6), lch. iii–72.

**Guyatt, G. H., Oxman, A. D., Vist, G. E. et al. (2008)**, 'GRADE: an emerging consensus on rating quality of evidence and strength of recommendations', *British Medical Journal* 336 (7650), lch. 924–6.

**Institiúid Míochaine(2011)**, 'Clinical practice guidelines we can trust', The National Academies Press, Washington DC.

**Moja, P. L., Castelli, B., McCauley, L., Grilli, R. agus Auxilia, F. (2005)**, 'Cochrane EPOC group: closing the gap between quality assurance and organisation of care research and front line professionals' (téacs bunaidh in Iodáilis), *Annali di Igiene: Medicina Preventiva e di Comunita* 17(6), lch. 585-90.

**Institiúid Náisiúnta um Shármhaitheas Cliniciúil (2011)**, *NICE 'do not do' recommendations*, ar fáil ag: http://www.nice.org.uk/usingguidance/donotdorecommendations/index.jsp

**OECD (2011)**, 'Economic Policy Reforms Going for Growth', Foilsitheoireacht OECD, ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.1787/growth-2011-en

**Sackett, D. L., Rosenberg, W. M., Gray, J. A., Haynes, R. B. (1996)**, 'Evidence-based medicine: what it is and what it isn't', British Medical Journal, 312 (7023), lch. 452–4.

**Straus, S., Tetroe, J. agus Graham, I. D. (eagarthóirí) (2009)**, *Knowledge Translation in Health Care: Moving from Evidence to Practice*, Wiley Blackwell, Oxford.

**The ADAPTE Collaboration (2011)**, 'The ADAPTE Process: Resource Toolkit for Guidelines Adaptation', (Leagan 2.0) ar fáil ag: http://www.g-i-n.net

**Wensing, M., Bosch, M. agus Grol, R. (2010)**, 'Developing and selecting interventions for translating knowledge to action', Canadian Medical Association Journal 182(2), lch. E85–E88.

## Eolas gréasáin

**Tairseach dea-chleachtais an EMCDDA**
http://www.emcdda.europa.eu/best-practice

Oifig na bhFoilseachán

**FOILSITHEOIR OIFIGIÚIL:** Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
© An Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus Andúil i nDrugaí, 2012
**STIÚRTHÓIR:** Wolfgang Götz
**ÚDAIR:** Marica Ferri, Alessandra Bo
**EAGARTHÓIR:** Marie-Christine Ashby
**COINCHEAPADH GRAFACH:** Dutton Merryfield Ltd, An Ríocht Aontaithe
*Printed in Luxembourg*